

Dhá Thoirealach agus Máirtín

Darach Ó Scolaí

Léacht a tugadh ag Ionad an Léinn Éireannaigh, Márta 2008

I 1970 dúirt Máirtín Ó Cadhain go raibh spéir na Gaeilge ramhar le scamail mhóra dhorcha. Ní hé an chéad duine a dúirt é. Táthar á rá sin le 300 bliain. Go deimhin, is dóigh go bhfuileadar á rá ó thosaigh Gaeil ag caitheamh anuas ar an aimsir an chéad lá ariamh.

Dúirt an file Aodhgán Ó Rathaille féin é. Ach ba sna blianta tar éis Chath na Bóinne tharraing Aogán ceist na haimsire anuas.

File a bhí cleachtaithe ar an saol maith faoi phátrúnacht na mBrúnach i Sliabh Luachra ba ea Aogán. Nuair a chaill na Gaeil a gcuid tailte ag Cath na Bóinne agus nuair a chailleamar ár ndóchas ag Eachroim an Áir, agus nuair a díbriodh na mílte dár muintir thar sáile, chaill na tiarnai talun aitiula, na Brúnaigh a gcuid talamh, agus b'éigean d'Aogán aistriú siar go botháinín beag suarach i dTonn Tóime i gCaisleán na Mainge (Siar go dtí an Ghaeltacht, mar a déarfá!!!).

Dár ndóigh, ba ar a chéim anuas a bhí an file ag caint, é aistrithe ó áit a raibh sealús beithíoch is caorach aige go háit ina maireann sé beo bocht faoin mbraon anuas agus é ag ithe sliogáin is bia cladaigh: Is fada liom, ar sé,

*Is fada liom oíche fhírfhliuch gan suan gan srann,
gan cheathra, gan maoin caoireach, ná buaibh na mbeann;
Anfa ar thoinn taobh liom a bhuair mo cheann,
is nár chleachtas im náí fíogaigh ná ruacain abhann.*

Fiú sa lá inniu má chuimhníonn muid ar an scríbhneoir Gaeilge agus a cheithre chéad léitheoir, is deacair gan na clabhtaí dorcha a fheiceáil ag cruinniú ag bun na spéire.

Ach cé gur dorcha bagarthach spéartha na Gaeilge níor staon Máirtín Ó Cadhain den ealaín is den scríobh. Agus dá dhonacht an saol ag Aogán O Rathaille bhí sé in ann focla a fhuint agus snas a chur ar véarsaí agus iad a fhógairt os ard chun draíocht a chur ar a chomhluadar agus ga beag gréine a dhúiseacht i ndorchadas na hoíche — ionas go ndéanaidís dearmad, b'fhéidir, ar feadh ala bhig, ar an mbraon anuas agus ar an bpoll folamh a bhí in íochtar a ngoile acu.

Go deimhin ag an nóiméad seo, in áit éicínt, chomh cinnte is atá leanbhín nua-bheirthe ag ligean racht chaointe as, tá diúracáin dhá chaitheamh ón spéir anuas ar theach a thóg athair is mac le grá is le cion; tá an tóin á scríobadh as pota eicínt ag máthair eicínt le roinnt ar a cuid páistí a ainmníodh as réalta teilifíse; tá an bás á bhagairt ar an duine deireanach den treibh in íochtar na hAmasóine a bhfuil scéal níos sine ná an Táin ar bharr a ghoib aige; tá bean óg a bhfuil a súile ar dhath na spéire agus a gruaig ina duala fada órga lena droim anuas ag iompar an ailse ina broinn istigh; agus fós in áit eicínt eile tá ceoltóir eicínt ag ceiliúradh na beatha.

Mar dá dhonacht an donas, cuma más ocras, pian nó fulaingt atá i gceist, tá ealaíontóir eicínt ann i gcónaí a thosós ag ceiliúradh na beatha le ceol, le amhrán, le ealaín. Bhíodar ann in Auschwitz, ar an Somme agus i Stalingrad. Ach céard is cúis le ceiliúradh seo an duine? Céard tá dhá cheiliúradh? Cumas intleachta an duine? A áilleacht? A rachmas? A shláinte? A chumas an nádúr a smachtú? A chumas a chomh-dhaonnaí a chuir faoi chois?

Ní hea, ach an tréith is leanbaí agus is páistiúla sa duine.

An cumas sin atá sa duine óna óige a ligeann dó iontas a dhéanamh de rud, agus iontas a chur ar a chomh-dhaoine. A chumas an draíocht a dhúiseacht ann féin agus ina chomhdhaoine tríd an gceol, tríd an ealaín, tríd an bhfilíocht...

Cuimhnigh ar an bhfonn a chuireann a cúig nó a sé cinn de nótaí ceoil orainn ar fheadóigín bheag stáin... agus déan iarracht é a mhíniú.

In agallamh a rinne Mervyn Bragg leis an bpéintéir Sasanach, Francis Bacon, am eicínt i ndeireadh na seachtóidí nó i bhfíorthús na n-ochtóidí dúirt Bacon nach raibh san ealaín i ndáiríre ach draíocht.

Gur ag iarraidh rud eicínt a chruthú san áit nach raibh tada roimhe sin a bhí an t-ealaíontóir.

Bhí sé d'ádh orm féin a bheith i láthair i dtús na n-ochtóidí nuair a labhair an file Árainneach, Máirtín Ó Direáin, leis na mic léinn i nGaillimh. Dúirt sé ansin go raibh draíocht sa bhfocal, agus gurb é obair an fhile an draíocht sin a aimsiú.

Ach an draíocht ealaíne seo a labhair Francis Bacon agus Ó Direáin air, ní draíocht ar bith kitch *a la* Walt Disney í, ina gcroitear an tslat draíochta chun rósanna bándearga a chur ag fás.

Is draíocht sa duine féin istigh é ar féidir a dhúiseacht le cumas agus scil an ealaíontóra. Ní lena shlat draíochta ach mar thoradh ar phróiseas fada printíseachta is oibre. Creidimse nach rud í an ealaín a bhaineann leis an ealaíontóir ann féin, ach rud atá sa duine, i ngach duine againn, a bhfuil sé de chumas ag an ealaíontóir a spreagadh.

Is é sin, nach san ealaíontóir atá foinse na healaíne, ach inár gcomhdhaoine uilig — bídís olc nó maith, mar cuimhnimis go raibh an ealaín á spreagadh sna daoine ar dhá thaobh an sconsa in Auschwitz. Agus is faoin ealaíontóir (lena chumas pearsanta féin, lena chumas ceirde, agus lena thuiscint ar an

bhfoinse ealaíne sin ann féin mar dhuine) an ealaín a dhúiseacht. Mar sin, is duine freisin an t-ealaíontóir, cuimhnimis, ata ní hamháin in ann an ealaín a spreagadh ina chomhdhaoine, ach ar féidir an ealaín a spreagadh ann.

Ach céard is feidhm na healaíne ann? Cloistear ráite é go coitianta gur teanga idirnáisiúnta í an ealaín, nó gur meán ilchultúir í. Is deacair a mhalairt a rá go hoscailte scaití, mar go nglactar leis gur rud maith dhúinn uilig teanga idirnáisiúnta. Samhlaítear í le síocháin ar domhan agus leis na haingil i réim. Agus go deimhin, is fíor a rá ar bhealach gur teanga idirnáisiúnta í an ealaín, sa gciall is gur teanga idirnáisiúnta é an Béarla, nó gur cultúr idirnáisiúnta é an cultúr Eorpach. Ach ní dóigh liom gurb in é an chiall a bheadh ag lucht a mholta le teanga idirnáisiúnta na healaíne. Samhlaítear dhóibh í, sílim, mar mheán cumarsáide pearsanta spioradálta saor ó bhréag is ó chur i gcéill agus atá fréamhaithe go nádúrach i ngach duine beo sa gcine daonna. Agus dá bhrí sin gur rud daonlathach é a bhfuil fáil ag chuile dhuine air.

A mhalairt, sílim, atá fíor. Tá teanga amháin ealaíne ann atá a brú againn go hidirnáisiúnta. Is teanga í a bhaineann le daoine bána Eorpacha nó le daoine de bhunús na hEorpa. Agus ní bhaineann sí le gach duine san Eoraip, ach baineann sí le lucht na cumhachta is na cinnireachta san Eoraip. Agus de réir mar a tá an cultúr cumhachtach seo á leathnú go heacnamaíoch, agus go míleata, ar fud an domhain, tá sé ag éirí i bhfad níos éasca ar dhaoine labhairt ar ealaín an aicme sin mar Theanga Idirnáisiúnta.

Má tá aon amhras orainn faoi seo cuimhnimis ar an bhfreagra a thugann an ealaín ar na huafáis mhóra a himríodh sa gcéad seo caite ar phobail nach dhen chultúr bán Eorpach nó Meiriceánach iad. Hiroshima,

nó Vítneam, cuir i gcás. Tá ráiteas láidir déanta ag ealaíontóirí ar fud na cruinne ar na huafáis a tharla sa dá chás sin. Maireann cúpla ceann i gcuimhne go coitianta. Céard iad fhéin? Tá dornán úrscéalta Meiriceánacha ann. Tá scannáin Mheiriceánacha is Eorpacha ann, agus tá amhráin is filíocht ann (cuid de sin i nGaeilge). Níl aon chuimhne choitianta ar aon scríbhneoir nó ar aon ealaíontóir Vítneamach, nó Seapánach. Ni hionann sin is a rá nach raibh ealaíontóirí sa Vítneam ná scríbhneoirí sa tSeapáin, ach níor bhain a n-ealaín siadsan le teanga na cumhachta. Agus ar an gcúis sin níl siad le feiceáil ná le cloisteáil againne. Na scríbhneoirí iarchóilíneacha a luaitear go coitianta, is i mBéarla, nó i bhFraincis, a scríobhann siad.

Cá bhfágann sin muide, Gaeil? Tá ár gcás spéisiúil mar go mbainimid leis an gcultúr Eorpach agus leis an gcultúr Angla-Meiriceánach (ar aon chultúr amháin anois iad, is dóigh), agus san am céanna gur pobal muid atá faoi ionsaí ag an gcultúr ceannan céanna sin. Cosúil leis an scríbhneoir Meiriceánach nó leis an bpopcheoltóir Sasanach, tá muid lionraithe ag an uafás a chothaíonn córas eacnamaíoch agus córas míleata an Iarthair i nDeisceart an Domhain, ach má dhéanann muid agóid ina aghaidh is agóid é ón taobh istigh, mar go mairimid taobh istigh den chultúr ceannasach 'idirnáisiúnta' sin agus go bhfeictear muid, agus go bhfeicimid muid féin, mar chuid de.

Agus ansin, ar an lámh eile dhe, tá ár gcultúr á bháthadh is á mhuchadh ag an gcultúr idirnáisiúnta céanna seo.

Ach tá níos mó ná feidhm chumarsáide leis an ealaín, agus tá níos mó ná ardán amháin ag an ealaíontóir. Cinnte is féidir leis labhairt ar ardán idirnáisiúnta (ach an teanga idirnáisiúnta a chleachta, agus a ionramháil chuige féin) ach tá sé ar chumas an ealaíontóra labhairt ar ardáin eile, ag baile, i measc a phobail féin. Más ag iarraidh a dhul i

bhfeidhm ar an dioscúrsa domhanda atá sé is cinnte nach dtabharfar aon aird air má labhraíonn sé ar an leibhéal áitiúil logánta faoi cheisteanna nach mbaineann le dioscúrsa na cumhachta, ach tá dualgaisí eile ar an ealaíontóir (nó ar an ealaín, pé scéal é) agus sin guth a thabhairt dá phobal féin nó labhairt go díreach lena phobal féin.

D'fhoilsigh mé úrscéal anuraidh, *An Cléireach*. Suite sa mbliain 1650 in Éirinn atá an t-úrscéal. Am é sin a raibh an tír seo inchomparáid le warzone ar bith mar a thuigeann muid inniu é, sa bPailistín, abair, sa tSudáin, san Afganastáin, nó san Iaráic. Bhí an tír s'againne á roinnt idir faicsin éagsúla ina mbíodh faicsean amháin ag comhoibriú le faicsean eile chun an tríú faicsean a chur dá chosa, iad seal in iomaíocht go polaitiúil, agus seal eile ag dortadh a gcuid fola ar bhláir an chatha. In áit Shiit, Sunni, Meiriceánaigh, an páirtí Baath, an tSiria, an Iaráin, agus na Kuirdínigh, bhí Protastúnaigh an Lagáin againn, Albanaigh, Gaeil dílis don Eaglais, Gaeil dílis do Rí Shasana, Éireannaigh Protastúnacha dílis do Pharlaimint Shasana, Éireannaigh Protastúnacha dílis do Rí Shasana, agus mar sin de.

Leifidh mé sliocht gearra as Cin Lae Ó Mealláin a dhéanann cur síos ar an tréimhse sin:

“Do chuir Sir Féilim seacht mbád agus barc ar a raibh dhá ghunna mhachaire agus foireann laidir go Loch nEachach agus do loisc siad trí phort ón Namhaid i gClainn Aodha Buí (sin an taobh thoir den Loch) agus agairt mór (nó haggard) ón Maor Connalaigh, an té do rinne sceithe ar Thiarna Inis Ceithleann is a cuireadh chun báis i Londain 1644. Do mharaigh siad daoine agus ba. Thug siad sna báid a dtoil féin. Do lean tóir iad ar muir is ar tír. Bhíodar muintir Sir Féilim ag togáil poirt iar thrá Duach i gCloinn Bhreasail. Tháinig an namhaid orthu. Do maraíodh suim

díobh, agus leitionant Sir Féilim, Robert Acistun. Do gabhadh os cionn fichead. Do báitheadh cuid díobh.”

Is beag idir an méid sin agus cuntais a léigh muid le blianta beaga anuas ar Bhosnia, ar Khosova no ar an Iaráic.

Maireann neart fianaisí ar an tréimhse sin, ach aisteach go leor, cé gurb í an Ghaeilge ba mhó go mór fada a bhí á labhairt sa tír — ní hamháin ag Gaeil, ach ag saighdiúirí an Rí, agus ag go leor de shaighdiúirí na nAlbanach — is i mBéarla atá formhór mhór na fianaise sin. Tá cuntais i mBéarla ó shaighdiúirí Sasanacha agus Albanacha againn, tá tráchtas againn agus litreacha i mBéarla againn ó Ghaeil a bhí páirteach ar gach taobh, ach le fírinne, i nGaeilge níl againn ach dhá chuntas an-gherr.

Ta cúis leis sin. Dár ndóigh, bhí ealaíontóirí, scríbhneoirí, agus ceoltóirí, chomh líonmhar i measc na nGael agus a bhí i dtír ar bith faoin spéir, ach ag an am áirithe seo le go n-aithneofaí a n-ealaín taobh amuigh dá dtír chaithidís páirt a ghlacadh sa dioscúrsa idirnáisiúnta (nó i ndioscúrsa na cumhachta) sin ceann den dá dhioscúrsa a bhain le Rí is Parlaimint i Sasana, nó le Reifirméisean is Frith-Reifearméisean san Eoraip. Nuair a bhí ríthe á ndícheannadh is pobail ag iompú creidimh ba bheag aird a bhí ar aon cheist eile (ceisteanna a bhain le héilimh Ghaeil Chúige Uladh ar thailte a baineadh dhóibh, cuir i gcás). Is beag a scríobhadh i nGaeilge mar chuid den chéad dioscúrsa acu sin, ach bhí filí na Gaeilge an-pháirteach sa dioscúrsa a bhain leis an reifirméisean, agus aithnítear scríbhneoireacht na bProinsiasánach sin anois ar chuid d’ard-ealaín Bharócach na hEorpa. Cuireadh cuid mhór di sin i gcló i leabhra. Rud ar bith eile, níorbh fhiú e a chur i gcló, mar níor bhain sé le dioscúrsa na cumhachta.

Tugann sin mé go scéal faoi bheirt fhear, dhá Thoirealach, a bhí páirteach sa gcogadh céanna in Éirinn sa mbliain 1647. B'iad an bheirt seo, an dá Thoirealach seo, Toirealach Ó Mealláin agus Toirealach Ó Conchúir , a scríobh an dá phíosá Gaeilge a lua mé roimhe seo, an dá phíosá Gaeilge a mhaireann a thagraíonn go díreach don chogadh a troideadh idir 1641 agus 1652 in Éirinn. Ni mhaireann tada eile i nGaeilge le haon scríbhneoir comhaimsearthach a dhéanann cur síos ar an gcogadh seo a mhair os cionn deich mbliana, a bhfuair na mílte is na mílte bás dá bharr, agus a d'athraigh an tír ó bhonn. An chéad duine acu sin, Toirealach Ó Mealláin, bhí sé ina shagart in Ord Naomh Proinsias, agus ina shéiplíneach ag an nginearál Féilim Ó Néill. An dara duine, Toirealach Ó Conchúir, saighdiúir agus file a bhí ann, a chum trí dhán a tháinig anuas chugainn i lámhscríbhinní.

Maidir le Toirealach O Conchúir níl a fhios againn i ndáiríre cé hé féin, cé dár díobh é, nó cé as é. Is féidir linn a mheas óna chuid Gaeilge agus ó na daoine a lua sé ina chuid dánta gur as oirthear Chúige Uladh é, go raibh sé in arm an Rí, gus gur throid sé in arm an Tiarna Urmhumhan in aghaidh an ghinearáil Jones (ceannasaí arm na pairliminte agus gobhainéar Bhaile Átha Cliath), agus go mb'fhéidir gur ionann é agus an Ensign Connor (meirgire nó fear brataí Ó Conchúir) a ghabh an ginearál Jones i mBaile Átha Buí (in aice le Ráth Cairn) i 1647. Tharlódh sé gurb é an fear céanna é. Tá súil againn nár caitheadh ródhona leis.

Ach dá mbeifeá ag súil le dánta uaidh ag moladh na n-oifigeach is na dtaoiseach, nó dánta ag ceiliúradh buanna míleata is cathanna fuilteacha, glóir is onóir, bheadh díomá ort. File a bhí sa Thoirealach seo, Toirealach Carach Ó Conchúir a rinne muga magadh dá chomhshaighdiúirí, dá chuid oifigeach, dhe cheird na saighdiúireachta, agus dhe fhéin. In áit aon chur síos ar ghníomhartha gaile is gaisce is amhlaidh a dhéanann sé cur síos ar

an Gaeil ag tabhairt na mbonnacháí leo agus ag teitheadh ón gcath — agus é féin in éineacht leo!

Mar a deir sé féin:

*Mur shaighdiúir ón Spáinn Brais
nó mar mharcshlua an dúchais –
teithim leo siúd sa mbealach
go húr fairsing Gaelach.*

*Cé nach ndeachas riamh thar toinn
a'foghlaím chatha nó comhlainn,
mar chách eile do-ním fo seach
an retreat scaoilteach scanrach!*

Fear eile ar fad a bhí sa Toirealach eile, Toirealach O Mealláin, sagart Proinsiasánach as ceantar Thír Eoghain. Bhain sé, is cosúil, le clochar na bProinsiasánach sa mBréantír i ndeisceart Thír Eoghain, agus bhí sé ina shéiplíneach ag an nginearál Féilim Ó Néill. Is é an Toirealach seo a scríobh an cur síos ar an gcogaíocht ar Loch nEachach a léigh mé roimhe seo. Scríobh sé an cuntas garbh seo ar imeachtaí an chogaidh ó thaobh Ghaeil Chúige Uladh dhe, ar a tugtar Cín Lae Ó Mealláin. Ní mar phíosa ealaíne a scríobh an Meallánach an cuntas sin, scríobh sé é, is cosúil, chun stair a scríobh ó thaobh na gCaitliceach dhe. Mar sin, is cáipéis í an Chín Lae seo a bhaineann le feachtas bolscaireachta an frith-Reifirméisin agus gur chuid í dhen dioscúrsa Eorpach a bhaineann le Reifirméisean is Frith-Reifirméisean. I dtéarmaí an lae inniu bhain saothar an Mheallánaigh le teanga idirnáisiúnta na healaíne, teanga na cumhachta, fad is a bhí a chomhÉireannach, Toirealach Ó Conchúir, ag cumadh filíochta do phobal a bhí ar imeall na polaitíochta, agus a raibh tuilleadh imeallú le déanamh fos orthu.

Cuimhnigí, cé nach raibh i nótaí garbha an Mheallánaigh ach aide-memoire, is caipéis thábhachtach anois í ag staraithe na linne sin. Tá dhá leagan di foilsithe i nGaeilge agus ar a laghad trí aistriúchán. D'fhillíocht an fhile Toirealach Carach Ó Conchúir ní mhaireann ach cúpla cóip lámhscríofa, agus aon eagrán foilsithe amháin a foilsíodh i leabhar cuimhneacháin ar an athair Lúca Wadding i 1957.

Dár ndóigh ní hann don Reifearméisean is don frithReifeirméisean níos mó, ná don chogaíocht idir Ríogaithe is Pairlimintigh. Tá dioschúrsaí eile inniu ann, thuaidh agus theas, Meiriceá agus an MeanOirthear, slándáil, cosaint an Daonlathais, truailliú an phlainéid, agus mar sin de. Agus tá dioschúrsaí eile fós ann, ar leibhéal níos áitiúla agus níos gaire dhúinn a bhaineann le saol an phobail is na comharsanachta, agus go deimhin le cosaint is le caomhnú pobal. Agus is dioschúrsaí iad sin nach bhfaigheann aitheantas idirnáisiúnta, ná fiú náisiúnta, agus is ceisteanna iad atá chomh tábhachtach dúinn agus b'fhéidir níos tábhachtaí ná na ceisteanna móra náisiúnta. Ach tá praghas le n-íoc ar pháirt a ghlacadh sna dioschúrsaí sin nach dtuilleann aird náisiúnta ná idirnáisiúnta: déantar imeallu ar an ealaín. Má leanann muide mar ealaíontóirí lorg Thoirealaigh Uí Chonchúir, ní móide go ngabfar inár bpríosúnaigh taobh amuigh dhe Ráth Chairn muid, ní móide go gcuirfear in Abu Ghraib muid, i nGuantanamo. nó fiú i bpríosún Muinseo. Ach cosúil le Toirealach Ó Conchúir tá gach seans ann go ndéanfar dearmad orainn, ní hamháin inár ndiaidh, ach freisin, mar a bhí á thuar ag Máirtín Ó Cadhain nuair a chonaic sé an spéir ag ramhrú thiar, lenár mbeo.